



Aighneacht

don

Choimisiún um Thodhchaí na Meán

ó

Chonradh na Gaeilge

08 Eanáir 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR



Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán.

Creideann an Conradh go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil go minic agus go fiúntach sna meáin seirbhíse poiblí agus ba mhaith linn go mbeidh seo bainte amach sna moltaí a chuirfidh an Coimisiún le chéile chun na meáin a shocrú ar bhonn daingean don am atá le teacht.

CEIST 1: FREAGRA & MOLTAÍ

Cén chaoi ar chóir don Rialtas an coincheap agus an ról atá ag na meáin seirbhíse poiblí a fhorbairt agus tacú leo agus cén ról a chóir a bheith aige maidir le hábhar seirbhíse poiblí sna meáin níos leithne?

- Ba chóir don Rialtas a chinntiú go bhfuil sé mar dhualgas ar na meáin seirbhíse poiblí ról mór a imirt i normalú na Gaeilge i saol agus sochaí na hÉireann
- Ba chóir don Rialtas a chinntiú go mbeadh dualgas ar na meáin níos leithne, le gach stáisiúin raidió agus teilifíse ag feidhmiú in Éirinn le ceadúnas ón Stát san áireamh, i normalú na Gaeilge sa saol agus sa sochaí
- Ba chóir do na meáin seirbhíse poiblí agus na meáin níos leithne feidhmiú ar normalú na teanga sna meáin, ní amháin le freastail ar chainteoirí laethúil Gaeilge ach le freastail ar an bpobal ginearálta atá báúil agus cumasach sa teanga. Tá eolas thíos ar leibhéal muiníne an phobail leis an nGaeilge a labhairt agus a thuiscint de réir suirbhé Kantar déanta thar tréimhse 5 bliana:



- Ba chóir go mbeidh soláthar sásúil agus cuimsitheach den Ghaeilge sna meáin ar fad in Éirinn agus ba chóir go mbeadh cláir ardchaighdeáin Ghaeilge le cloisteáil agus le feiceáil ar iliomad meáin ag príomh-ama éisteachta agus féachana
- Ba chóir go mbeadh aird faoi leith ar fhreastail a dhéanamh ar dhaoine óga le:
 - Soláthar sásúil agus cuimsitheach do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge, atá ag freastail ar ghaelscoileanna nó atá báúil don Ghaeilge ar na meáin seirbhíse poiblí agus ar na hardáin uile
 - Ba chóir an soláthar a dhéanann Raidió Rí-Rá, an cairt-stáisiún raidió don aos óg ag feidhmiú ó 2008 le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, a mhaoiniú le soláthar lánaimseartha a dhéanamh ar ardáin breise le FM, go háirithe san áireamh, agus rochtain ar an stáisiún a chur ar fáil do gach duine óg sa tír

1.1. Céard is féidir a fhoghlaim ón athrú atá tagtha ar na meáin seirbhíse poiblí le deich mbliana?

- Is gá do na stáisiúin teilifíse, na stáisiúin raidió, na nuachtáin agus na hirisí a bheith ag feidhmiú ar ardáin éagsúla agus ní ar aon ardán amháin. Is gá seo a dhéanamh le freastail agus leis an rochtain is fearr a chur ar fáil don phobal uile ar gach aois sa tír
- De réir tuairisce ón gCoimisinéir Teanga níl ag éirí le RTÉ na dualgais reachtúla atá orthu maidir le soláthar sásúil de chláracha teilifíse a dhéanamh le níos lú ná 1% dá gcláracha as Gaeilge le deich bliain anuas. Is gá seo a athrú. Molann an Conradh gur chóir go mbeidh ar a laghad 10% de chláracha an dá stáisiún teilifíse trí Ghaeilge. D'fheadfaí seo a dhéanamh tríd breis cláracha seachtainiúil as Gaeilge sa ghnáthsceideal ar RTÉ 1 agus RTÉ 2, breis tráchttaireacht spóirt a bheith ar fáil as Gaeilge (le spóirt eile seachas cluichí den CLG amháin), breis cláracha do dhaoine óga agus an Ghaeilge in úsáid i ngáthchláracha RTÉ ar nós First Dates, Dancing with the Stars, srl..
- Chuir Foras na Gaeilge deireadh le maoiniú a chur ar fáil do nuachtán Gaeilge priontáilte agus do roinnt iris Ghaeilge ar nós Feasta, an tUltach agus an Timire. Tá Tuairisc.ie agus Nós ar fáil ar fáil ar líne anois amháin
- Tá sé soiléir le 10 mbliain anuas nach bhfuil a dhóthain maoiniú á chur ar fáil do TG4 le fás agus forbairt go sásúil. Bíonn an stáisiún ag feidhmiú ar níos lú ná leath an airgid atá an macasamhail de stáisiún, S4C, sa Bhreatain Bheag. Is gá seo a réiteach
- Tá tar éis éirí an-mhaith le Raidió Rí-Rá fás agus forbairt le 10 mbliain anuas ar ardáin éagsúla leis an idirlíon, app fóin, DAB agus tréimhsí sealadacha ar FM san áireamh. Is fiú foghlaim ó sin agus anois bogadh ar aghaidh go dtí breis ardáin go lánaimseartha, go háirithe ar FM ach chomh maith leis sin ar Freeview, Sky, srl..

1.2. Cé na córais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le hábhar seirbhíse poiblí agus chun é a choinneáil e.g. iriseoireacht d'ardchaighdeán agus neamhspleách, i margadh atá ag fáil níos iomaíche agus níos daingnithe?

- Ba choir Údarás Craolacháin Gaeilge a bhunú mar chóras nua le cinntiú go bhfuil na meáin seirbhíse poiblí agus na meáin níos leithne ag normalú úsáid na Gaeilge go sásúil agus go leanúnach ar na hardáin ar fad a bhaineann leo

1.3. Cén chaoi is féidir leis na meáin seirbhíse poiblí a bheith níos éifeachtaí chun an Ghaeilge, spóirt agus cultúr a chur chun cinn?

- Caithfear a aithint go bhfuil dúshlán faoi leith ann ag na meáin Ghaeilge go háirithe le dul i ngleic leis na hardáin agus an iliomad stáisiúin atá ar fáil don phobal as Béarla. Is féidir leis na stáisiúin seo ar fad freastail ar iliomad sainspéiseanna agus mianta an phobail ar na hardáin ar fad. Tá na meáin Ghaeilge (nó an soláthar as Gaeilge ar stáisiúin a fheidhmíonn trí Bhéarla) an-teoranta ar an méad gur féidir leo a dhéanamh, go háirithe mar gheall nach bhfuil a dhóthain maoinithe ar fáil agus chomh maith leis sin tá an-bhearnaí sa thacaíocht córasach atá ann, m.sh níl aon dualgais ar na stáisiúin teilifíse príobháideacha cláracha Gaeilge a chraoladh cé go bhfuil ceadúnas acu ón Stáit le craoladh sa tír. Tá roinnt moltaí thíos ar conas gur féidir leis na meáin seirbhíse poiblí a bheith níos éifeachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn:

TEILIFÍS

Leiríonn an íomhá thíos na stáisiúin teilifíse ar fad atá ar fáil do phobal na hÉireann. Níl ach ceann amháin i measc an 300+ stáisiúin atá ag soláthar céatadán ard dá chláracha as Gaeilge, TG4, agus 3 stáisiúin eile faoi bhrat RTÉ le soláthar éigin as Gaeilge (cé go bhfuil sé níos lú ná 1%)




- Le dul i ngleic leis an easpa soláthar Gaeilge, molann an Conradh:
 - gur gá TG4 a mhaoiniú i gceart agus i bhfad níos fearr. Ba chóir úsáid a bhaint as S4C sa Bhreatain Bheag mar slat tomhais ar an méad maoinithe atá ag teastáil leis an stáisiún a rith i gceart agus go sásúil
 - gur chóir go mbeidh ar a laghad 10% de chláracha teilifíse RTÉ trí Ghaeilge. D'fheadfaí seo a dhéanamh tríd breis cláracha seachtainiúil as Gaeilge a chur sa ghnáthsceideal ag RTÉ 1, RTÉ 2, agus RTÉ Junior, breis tráchtairíocht spóirt a bheith ar fáil as Gaeilge (le spóirt eile seachas cluichí den CLG san áireamh), agus an Ghaeilge in úsáid i ngáthchláracha RTÉ ar nós First Dates, Dancing with the Stars, srl..
 - gur chóir go mbeadh coinníoll i ngach conradh teilifíse idir RTÉ agus comhlacht teilifíse ag soláthar cláracha do RTÉ go mbeadh an Ghaeilge tógtha san áireamh sa chlár i slí fiúntach, m.sh. i gcás First Dates no Dancing on the Stars bheadh se éasca rannpháirtithe le Gaeilge a bheith san iomaíocht sna cláracha
 - gur chóir go mbeadh coinníoll san áireamh in aon cheadúnas teilifíse nua a bhronnfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann, nó in aon athnuachan ar Chonradh, go mbeidh ar an stáisiún teilifíse príobháideach 5% dá chláracha a chur ar fáil trí Ghaeilge

- Tá seasamh bunreachtúil ag an nGaeilge, cé go bhfuil athrú ollmhór dearfach tagtha ar íomhá na Gaeilge go náisiúnta, agus cé go bhfuil borradh iontach faoin nGaelscolaíocht, feidhmíonn an Ghaeilge fós mar mhionteanga in Éirinn agus tá sí faoi bhrú mór ag leibhéal seachadadh idir-ghlúine mar mháthairtheanga sa Ghaeltacht agus ar fud na hÉireann. An-luath ina saol, tuigeann páistí ó theaghlach ina labhraítear Gaeilge mar theanga bhaile go bhfuil tábhacht níos lú ag baint le teanga a dteaghlach féin ná leis an teanga a labhraítear i mórchuid na dteaghlach in Éirinn. De réir a chéile, glúin ar ghlúin, tagann meath ar an ugach agus ar an spreagadh chun a bpáistí féin a thógáil trí Ghaeilge. Is í an bheocheist, “Más Éireannach thú 100% mar chainteoir Béarla in Éirinn, cén fáth nach mbeifeá 100% i d’Éireannach mar chainteoir Béarla sa Ghaeltacht?”. Aontaíonn an Conradh le TG4 go bhfuil ról antábhachtach ag na meáin Ghaeilge agus na healaíona cruthaitheacha Gaeilge agus iad ag iarraidh an bheocheist sin a fhreagairt agus féiniúlacht agus saibhriú phobal na Gaeilge a chur chun cinn. Ach caithfidh TG4 a bheith mar institiúid náisiúnta den chéad ghrád agus níl an scála ag TG4 fós a thabharfadh chuig an leibhéal sin muid
- Ba chóir ar a laghad fógra amháin i ngach 5 fógra as Gaeilge de chuid aon fheachtas fógraíochta Stáit a chraoltar ar aon stáisiún teilifíse le ceadúnas craolacháin ón Stáit chun cabhrú le normalú na Gaeilge. Ní fheictear agus ní chloistear an Ghaeilge ach go fíor-annamh in aon fheachtas feasachta faoi láthair
- Ba chóir go mbeidh soláthar sásúil as Gaeilge ar shuíomh gréasáin, sruthanna, podchraoltaí, meáin sóisialta, aipeanna, agus aon ardán eile de chuid na meáin seirbhíse poiblí chomh maith
- Ag baint úsáid as na féidearthachtaí le teicneolaíocht nua ba chóir go mbeidh níos mó fotheidealú i nGaeilge ar fáil ar chláir Gaeilge chomh maith le fotheidil as Béarla. Bheadh seo ag freastail ar chainteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge


RAIDIÓ

Léiríonn an íomhá thíos na stáisiúin raidió ar fad atá ar fáil do phobal na hÉireann ó dheas. Níl ach 3 stáisiún Gaeilge lánaimseartha as an 70+ stáisiún agus astu sin tá ceann amháin dírithe go príomha ar phobal na Gaeltachta, ceann eile ag craoladh i mBaile Átha Cliath amháin ar FM agus níl an tríú cheann ag craoladh ar FM go leanúnach. Bíonn cláracha Gaeilge rialta ag an gcuid is mó de na stáisiúin eile ach craoltaítear iad de gnáth lasmuigh d’amanna barréisteachta.



- Le dul i ngleic leis an easpa soláthar Gaeilge, molann an Conradh:
 - gur chóir an soláthar a dhéanann Raidió Rí-Rá, an cairt-stáisiún raidió don aos óg ag feidhmiú ó 2008 le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, a mhaoiniú le soláthar lánaimseartha a dhéanamh ar ardáin breise, le FM go háirithe san áireamh, agus rochtain ar an stáisiún a chur ar fáil do gach duine óg sa tír.

Tá tacaíocht le feiceáil sa phobal don mholadh seo de réir suirbhé neamhspleách Kantar a rinneadh i 2020 agus i 2017:



- gur chóir go mbeadh coinníoll san áireamh in aon cheadúnas raidió nua a bhronnfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann, nó in aon athnuachan ar Chonradh, go mbeidh ar an stáisiún 5% dá chláracha a chur ar fáil trí Ghaeilge agus cuid acu ag amanna barréisteachta (nó soláthar sásúil eile mura dhéantar é seo tríd cláracha faoi leith, ar nós míreanna eolais, spreagúla nó eile)
- Ba chóir ar a laghad fógra amháin i ngach 5 fógra as Gaeilge de chuid aon fheachtas fógraíochta Stáit a chraoltar ar aon stáisiún raidió le ceadúnas craolacháin ón Stáit chun cabhrú le normalú na Gaeilge. Ní fheictear agus ní chloistear an Ghaeilge ach go fíor-annamh in aon fheachtas feasachta faoi láthair
- Ba chóir go mbeidh soláthar sásúil as Gaeilge ar shuíomh gréasáin, sruthanna, podchraoltaí, meáin sóisialta, aipeanna, agus aon ardán eile de chuid na stáisiúin raidió chomh maith

NUAHTÁIN & IRISÍ & LEABHAIR

Léiríonn na híomhánna thíos na nuachtáin agus na hirisí ar fad atá ar fáil do phobal na hÉireann ó dheas. Níl ach dhá nuachtán Gaeilge (Tuairisc.ie agus nós.ie atá ar fáil ar líne amháin) as an 70+ nuachtán sa liosta agus bíonn ailt ó am go chéile ag líon beag de na nuachtáin eile. Chomh maith leis sin, níl ach 4 iris as an 200+ iris agus bíonn ailt ó am go chéile ag líon an-bheag de na hirisí eile.

- Le dul i ngleic leis an easpa soláthar Gaeilge, molann an Conradh:
 - Má shocraítear ciste a chur ar fáil do nuachtáin agus d'irisí amach anseo ón Rialtas nó ó fhoinsé Stáit eile, caithefear coinníollacha a chur leis an airgead go mbeidh céadfadán den soláthar déanta trí mheán na Gaeilge
 - gur chóir breis maoinithe a bheith ar fáil chun cabhrú leis na nuachtáin agus irisí Gaeilge reatha a fhorbairt agus le cur leis an líon iriseoirí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge
 - I dtaobh na teicneolaíochta de, tá gá go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil de Kindle, Kobo, agus eile

Dublin News
Marine Times
Evening Herald
Roscommon Herald
Saoirse Donegal Democrat
Tuam Herald
The Guardian
Western People
Leinster Leader
Irish News
Evening Echo
Clare Champion
Meath Chronicle
Finn Valley Voice
Killarney Today
Kilkenny People
Mayo News
Corkman
Limerick Leader
Sligo Weekender
Offaly Express
Irish Post
Donegal Now
Herry's Eye
Arondhu
Tullamore Tribune
Anglo-Celt
Laois Nationalist
Connacht Sentinel
Westmeath Examiner
Athlone Advertiser
Sunday Business Post
Irish Sun
Irish Voice
Leitrim Observer
Derry People
Breabing News
Donegal News
Inishowen Independent
Connaught Telegraph
Carlow Nationalist
Impartial Reporter
thejournal.ie
Clare People
Irish Examiner
Cork Independent
Northside People
Munster Express
College View
Longford Leader
Donegal Daily
Leinster Express
Sunday World
Fermanagh Herald
Dublin Live.ie
Irish World
Tipperary Star
Leinster Herald
Leinster News
Limerick Post
thejournal.ie
Clare People
Irish Examiner
Cork Independent
Northside People
Munster Express
College View
Herry's Eye

NewCarGuide
 WeedCastMedUK
 TheCollegeView
 GOLFINGMagazine
 SeniorTimesMagazine
 DairyIreland WhazonCityGuides
 GoRailMagazine IrishCarandTravel HotPress
 EasyFood FleetCarMagazine IrishRootsMagazine RTÉGuide
 BikeBuyersGuide DublinTimesIrelandSouth IrishCountryMagazine TheGlossMagazine gradireland
 Search NazisGlos-FreeWeekly SalesianBulletin
 EducationHouseandHomeMagazine IrishCountyMagazine gradireland
 TheIrishField TheIrishGolferMagazine IrishCountryMagazine ChurchofIrelandMagazine FoodandWineIreland
 TescoMagazine GoodEatingGuidetoIreland Ireland'sWeddingJournal FabulousMagazine
 DublinEventGuide Africa-St.Patrick'sMission Ireland'sWeddingJournal FabulousMagazine
 TrinityToday STPatrick'sFestivalProgramme Ireland'sWeddingJournal FabulousMagazine
 TakeOff GMCarpenterDublin GettingMarriedinNorthernIreland Ireland'sWeddingJournal FabulousMagazine
 BeOurGuestMatureLivingMagazine BeautifulIrishInteriorsMagazine Ireland'sWeddingJournal FabulousMagazine
 BestofDublin PaddyandNellyBikeHire IrelandWalkingandBackpackingGuide IrishRunnerMagazine
 TheSpanner BlowPhotographyMagazine GeorginaCampbell'sIreland-Guide.com Carsport Ireland'sHorseReview
 ASTROLOZER IrelandoftheWelcomes Enterprise Nós AshfordandDromolandCastlesHotelMagazine Ireland'sEye
 AbilityNI IrishYanandTruckplusSUV LandoftheHorse AshfordandDromolandCastlesHotelMagazine Ireland'sEye
 ZooMatters tasteIrelandMagazine IrishGolfWorld TheIrishMilitaryHeritage Astir.(AssociationofSecondaryTeachers,Ireland) Ireland'sEye
 TrinityNews Ireland'sBigIssueMagazine IrishGolfReview Feasta Alive Ireland'sEye
 HealthyIreland AstronomyandSpaceMagazine Gopher'sGuidetoIreland GolfDigestIreland Ireland'sEye
 ImageMagazine SupervalUncorkedMagazine UlsterTatlerInteriors Intouch Ireland'sEye
 IrishClubhouse ImageInteriorsandLiving IrishBridesMagazine CatholicIreland Ireland'sEye
 ThePhoenix IrishMusicMagazine IrishRacingCalendar DininginDublin Ireland'sEye
 TVNowMagazine TourismIrelandInternationalTravels&HolidayPlanner IrishTheologicalQuaterly TVWeekMagazine
 TheOpinion FleetTransportMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 UCDConnections Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 OldMoore'sSalimmar Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 VeritasColtd Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 PeilMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 TreacyDecor Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 IrishWhiskeyMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 Studies IrishWeddingDiary Social&Personal Weddings Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 XclusiveMagazinePreganancy&ParentingSouthBelfastLife TheBigList Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 ConsumerChoiceUpstairsDownstairsMagazineInspireWeddings Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 GoAncientEast GAAGuidetotheChampionship DylanMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 Today'sParentGoWildTheFoodExperience TheIrishSword Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 Spirituality NorthernWomanMagazine ConnectKerry Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 YouMagazine EmeraldRugbyMagazine TheIrishPost Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 Oxygen.ieSacredHeartMessengerMaternity Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 AnthologyMagazine MayoNow Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 STELLARMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 FastDocuments Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 Ireland'sOwn Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye
 VIPMagazine Ireland'sHomeInteriorsandLivingMagazine Ireland'sEye

1.4. Cén chaoi a mbeadh na meáin seirbhíse poiblí ábalta freagairt níos fearr do riachtanais an phobail agus don méid a bhfuil an pobal ag súil leis?

- Feic an moladh agus an taighde ó Kantar maidir le Raidió Rí-Rá i 1.3. le freagairt do riachtanas an phobail agus an stáisiún raidió a chur ar fáil go lánaimseartha ar FM le maoiniú ón gceadúnas teilifíse reatha
- Tá struchtúr closamhairc na hÉireann mar an gcéanna nach mór leis an am roimh an Acht Craolacháin 2009. Tá sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath den chuid is mó. Tá deis mhór ann cur le struchtúr na heacnamaíochta cruthaithí i réigiúin na hÉireann. Is fórsa craoltóireachta poiblí é TG4 atá in ann scála agus idirnáisiúnu a fhorbairt agus a spreagadh san earnáil neamhspleách léiriúcháin sna réigiúin
- Nearthú ar an teacht atá ag Diaspora ar fud an domhain ar ábhar Gaeilge agus ábhar cultúrtha tríd Seinnteoir TG4
- Tá stádas mar chraoltóir seirbhíse poiblí á lorg ag TG4 i dTuaisceart Éireann agus iarratas déanta go mbeadh sé ar fáil ar chainéal a 8 ar Freeview mar go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh TG4 so-aimsithe i dTuaisceart Éireann. Aontaíonn an Conradh le TG4 gur cheart go bhfanadh seirbhísí líneacha agus ar éileamh Craolacháin Seirbhíse Poiblí so-aimsithe ar ardáin craoltóireachta in Éirinn.
- Ba chóir go mbeadh tosaíocht feiceálachta ag TG4 HD, TG4+1 agus Seinnteoir TG4 ar gach ardán tábhachtach craoltóireachta agus go mbeadh 'Cúla4' ar fáil ina chainéal ann féin.

1.5. Céard is féidir linn a fhoghlaim ó dhlínsí eile?

- Is féidir a fhoghlaim ó S4C sa Bhreatain Bheag gur gá buiséad i bhfad Éireann níos mó a chur ar fáil do TG4 ná an buiséad reatha a fhaigheann an stáisiún má tá cothrom na féinne le cur ar fáil do TG4. Tá maoiniú poiblí £81.5M ag S4C na Breataine Bige agus tugann an BBC 515 uair an chloig de chláracha in aghaidh na bliana do S4C, luach £22M. Mar sin tá maoiniú iomlán poiblí £103.5M á chur ar fáil don teilifís i mBreatain.
- Ba chóir foghlaim ó thaithí tíortha eile maidir le mionteangacha a chur chun cinn sna meáin agus an tábhacht atá ag na meáin le mionteangacha a chur chun cinn, a stádas a ardú agus cur le normalú na teanga sa phobal. Tá roinnt eolais ábhartha thíos maidir leis seo¹:
 - *If we look at majority language media, the usual practice is to treat linguistic minorities like any other minority: rendering them invisible and marginal. In cases where they get some visibility, the image portrayed is often stereotypical (cf. Alia/Bull 2005)*
 - *Minority media have helped to alter the sociolinguistic order in several ways, encouraging the social prestige of minority languages through the creation of a market directly conceived from the interests of these linguistic minorities and linked to them. Media also stimulates the formal and functional visibility of minority languages. Moreover, the steady presence of a minority language in the media, particularly with audiovisual production, can contribute to the social cohesion of a given community. Finally, the high differential value of media in a minority language should not be overlooked. It can become an incentive for gaining space within a very ethnolinguistically-identified population (cf. Ramallo/Rei-Doval 1997; Vincze/Moring 2013).*
 - *Cormack identifies four elements that highlight the importance of minority language media. These are: 1. The electronic media can have an important symbolic role for language communities. 2. The media can provide a real economic boost, including attractive career prospects for young people who want to work in the minority language. 3. The media are important in developing a public sphere within a language community. 4. The media are also important in relation to how the community is represented both within itself and to outsiders. (Cormack 2004, 2)*

¹ Breis eolais ar fáil in Aguisín A

CEIST 2: FREAGRA & MOLTAÍ

2.1. Céard é an múnla is fearr chun na meáin seirbhíse poiblí a mhaoiniú amach anseo? Cén cur chuige is fearr a thacaíonn le monatóireacht eagarthóireachta neamhspleách agus a bhaineann luach ar airgead amach ag an am céanna chomh maith le spriocanna seirbhíse poiblí a bhaint amach?

- Aontaíonn Conradh na Gaeilge le TG4 gur cheart cothromaíocht níos fearr a bheith i maoiniú poiblí na Meán Seirbhíse Poiblí agus go roinnfí an tsuim chéanna de mhaoiniú poiblí idir Fís Éireann, TG4 agus Ciste Fuaim & Fís an BAI agus atá ag RTÉ, a thabharfadh éagsúlacht agus iolrachas san earnáil agus cothromaíocht san éiceachóras poiblí closamhairc agus a leagan amach réigiúnach
- Ba chóir go mbeadh cothrom na féinne sa mhaoiniú poiblí a cuirtear ar fáil do na craoltóirí poiblí, m.sh. níor chóir go mbeadh éagothromas pá idir oibrithe RTÉ RnaG agus oibrithe eile i RTÉ
- Ba cheart ciste náisiúnta a thabhairt isteach d'ábhar do dhaoine óga faoi 35 agus go mbeadh 'Cúla4' ar fáil ina chainéal ann féin, agus teacht air ar na príomh-ardáin féachana
- Ba chóir Raidió Rí-Rá, an cairt-stáisiún raidió don aos óg ag feidhmiú ó 2008 a mhaoiniú le soláthar lánaimseartha a dhéanamh ar ardáin breise, le FM go háirithe san áireamh, agus rochtain ar an stáisiún a chur ar fáil do gach duine óg sa tír

2.2. Cé na deiseanna atá ann chun múnla gnó agus athruithe eagraíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de na craoltóirí seirbhíse poiblí (RTÉ agus TG4)?

2.3. Conas mar a bhféadfaí coimisiúnú ábhair, lena n-áirítear ag RTÉ, TG4 agus scéim Fís agus Fuaim an BAI, a choigeartú/a fheabhsú/ a athchóiriú d'fhoinn spriocanna seirbhíse poiblí a bhaint amach níos fearr.

- Stáisiún raidió agus teilifíse a fheidhmíonn trí Bhéarla a chumasú chun cur isteach ar airgead le cláracha as Gaeilge a chur ar fáil

2.4. Cén chaoi ar chóir maoiniú poiblí nó faoisimh cánach a roinnt le soláthróirí Ábhar Seirbhíse Poiblí?

- Ba chóir scéim faoiseamh cánach náisiúnta a chur ar bun le comhlachtaí tráchtála a mhealladh le fógraíocht a dhéanamh ar na meáin éagsúla in Éirinn as Gaeilge

2.5. Céard a chiallóidh an t-aistriú in ioncaim fógraíochta go dtí eagraíochtaí móra teicneolaíochta d'ábhar clóite, ar líne agus craolacháin amach anseo.

- Beidh pacáiste fógraíochta ar gach ardán de chuid an stáisiúin ag teastáil níos mó amach anseo leis an tairiscint fógraíochta a láidriú do na comhlachtaí tráchtála

2.6. Cén ról atá ann do mhúnlaí maoiniúcháin eile do sholáthróirí Ábhar Seirbhíse Poiblí - deonach, sluaifhoinsiú, síntiús?

CEIST 3: CÉN CHAOI A CHEART NA MEÁIN A RIALÚ AGUS A RIALÁIL?

3.1. Cé na hathruithe rialála ag leibhéal AE nó domhanda a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar rialáil meán seirbhíse poiblí sa tréimhse amach romhainn?

- Tá bru leanúnach domhanda le glacadh leis an mBéarla mar an teanga tráchtála agus ba chóir cur i gcoinne seo tríd breis úsáid a bhaint as an nGaeilge le léiriú uathúlacht na tíre agus le spreagadh a thabhairt don teanga

3.2. Cé na dúshláin atá i gceist le meáin seirbhíse poiblí neamhspleách agus bhríomhara, tríd úinéireacht atá ag méadú / iolracht atá ag laghdú i margadh na hÉireann a thabhairt le chéile?

3.3. An leor na rialuithe reatha reachtaíochta agus rialála do na meáin seirbhíse poiblí?

- Ba chóir go n-aithneofaí ‘Craoltóireacht na Gaeilge’ a chur san áireamh mar phríomhdhualgais in aon sainmhíniú nua de ‘craoltóireacht sheirbhíse poiblí’ in aon reachtaíocht chumarsáide leasaithe nó nuadréachtaithe
- Go dtreiseofaí na míreanna faoin nGaeilge san Acht Craolacháin chun cur ar chumas ÚCÉ polásaí Gaeilge gníomhach a fhorbairt i bpáirt leis na stáisiúin raidió. Chuige sin, go leasófaí Alt 66 (2) (d), a bhaineann le stáisiúin raidió go ginearálta, agus Alt 66 (3), a bhaineann le stáisiúin a bhfuil limistéir Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais

Minority Languages in Media Communication: Fernando Ramallo 2017

The interest of sociolinguists in media communication can be explained by multiple reasons, such as (i) the relevance of the media in the processes of social change and development; (ii) the variety of discursive genres; and (iii) their role as agents in language policy and linguistic normalization. The media select the events they portray and design communicative strategies to change or uphold power structures. The media play a crucial role in the management of multilingualism, especially in contexts of language minorization, where they are a relevant agent in the production and/or reproduction of the status quo, attitudes and ideologies (cf. KellyHolmes 2012; Kelly-Holmes/Milani 2013). If we look at majority language media, the usual practice is to treat linguistic minorities like any other minority: rendering them invisible and marginal. In cases where they get some visibility, the image portrayed is often stereotypical (cf. Alia/Bull 2005). The media have undoubtedly influenced linguistic minorities. This influence is conceived from two opposing views. On the one hand, it is seen as a positive phenomenon, since it can present an opportunity for multilingualism in general and for minority languages in particular; on the other hand, it is considered as negative because it can be a threat to minority languages (cf. Cormack 2007).

Therefore, it is evident that many minority language communities have been able to create their own communicative space using their own languages as an opportunity to promote language maintenance, linguistic diversity and multilingualism (cf. KellyHolmes/Moriarty/Pietikäinen 2009 for a comparative review of Basque, Irish and Sami). Unlike public and private minority language media sources, the existence of media produced and consumed by language minorities from the community approach means that there is a responsible initiative that empowers the local community. This is accomplished through non-profit practices that demonstrate a full awareness of the right of a community to be informed in its own language, beginning with its cultural constructs. In this way, the media contribute to promoting the critical plurality and diversity necessary to move toward a mature democracy that works toward ending social inequality (cf. Curran 2011; AMARC 2014; Lema Blanco/Meda González 2016).

Minority media have helped to alter the sociolinguistic order in several ways, encouraging the social prestige of minority languages through the creation of a market directly conceived from the interests of these linguistic minorities and linked to them. Media also stimulates the formal and functional visibility of minority languages. Moreover, the steady presence of a minority language in the media, particularly with audio-visual production, can contribute to the social cohesion of a given community. Finally, the high differential value of media in a minority language should not be overlooked. It can become an incentive for gaining space within a very ethnolinguistically-identified population (cf. Ramallo/Rei-Doval 1997; Vincze/Moring 2013). This is why the domination of the media within the processes of subjectification, the construction of social imaginaries and the movement by the elite toward “naturalizing” the dominant ideological structure presents a serious challenge to Minority Languages in Media Communication 455 democracy (not to be understood as participatory democracy, which, undoubtedly, this way of understanding the media helps to strengthen, but rather, direct democracy). We must bear in mind that information and opinion are produced in order to satisfy a market which has been created, targeted and ruled by the interests these same social majority groups mobilize, marginalizing minorities due to their lack of cost-effectiveness.

According to Cormack (2007, 56): “the more limited audiences of many minority language communities are likely to be seen as uneconomic”, and this is also happening in the public media. The dominance of the economic value of the media as a requirement for its existence is an affront to democracy. As a result of their marginalization in the media, many minority languages constitute one of the sectors that are most affected by this democratic deficiency (cf. Salawu/Chibita 2016 for a detailed approach to the African case).

Furthermore, language quality is a key aspect in the production of media communication in minority languages. Given the relevance the media have in creating models (including language models), media professionals need to be proficient in speaking and writing in the minority languages. This is essential for every communications professional, but it should be even more important with minority languages in order to contribute to strengthening the prestige of the language and to avoid trivialization and discredit. In many situations of language shift, language minority communities have been able to produce media in their own languages, helping to alter the sociolinguistic order in several ways. In general terms, the fact that a language minority has media is an indicator of its vitality, although that is not necessarily a guarantee for long-term vitality. Cormack (2013, 256) shows some assumptions about how the media can help minority languages: the media give status, they can link and unify different segments of the language community, they can provide a context for economic development, etc.

In the language reversal model proposed by Fishman (1991), of the factors affecting the future of minority language groups, the presence of minority languages in the media is seen as a secondary objective, and is of less importance than the revival of the language in the family and community. In his revision of the model ten years later, Fishman even noted that “the media can interfere with intergenerational Xish mothertongue transmission more easily and more frequently than they can reinforce it, if only because there are ever so much more Yish media than Xish media” (Fishman 2001, 473).

It is undeniable that the field of mediated communication is nowadays a key element for the production and reproduction of minority languages. In this sense, Cormack (2004, 2) counteracts some of Fishman's arguments and identifies four elements that highlight the importance of minority language media. These are: 1. The electronic media can have an important symbolic role for language communities. 2. The media can provide a real economic boost, including attractive career prospects for young people who want to work in the minority language. 3. The media are important in developing a public sphere within a language community. 4. The media are also important in relation to how the community is represented both within itself and to outsiders.